Cúnamh i ndiaidh na dtuilte.

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin damáiste a rinneadh ar thithe de bharr tuilte agus an cúnamh atá ar fáil anois. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, déan iarracht an Ghaeilge a aimsiú do na míreanna Béarla seo a leanas:

1. The Red Cross
2. in conjunction with
3. Department of Social Protection
4. the help is being distributed
5. it is imagined
6. the first payments
7. humanitarian fund
8. personal property
9. insurance coverage
10. Dublin City Council
11. households should get in touch with
12. local Community Welfare officer
13. assistance package
14. evaluation
15. The Office of Public Works

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 2 Féach ar an mhír uair amháin agus scríobh achoimre ghearr ar ábhar na míre.

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus tabhair píosa amháin eolais faoi na heagraíochtaí / daoine seo:

Cumann na Croise Deirge (Cros Dhearg na hÉireann)

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

An Comhairleoir Críona Ní Dhálaigh

Oifigeach Leasa Pobail áitiúil

Ceist 4 *'ar chúnamh'*

(a) Cad iad na réamhfhocail shimplí eile a leanann séimhiú iad?
(b) Tá cúpla sampla eile sa mhír den séimhiú a leanann réamhfhocal. Éist leis an mhír arís agus breac síos cad iad.
(c) '*ar ball*' – cén fáth nach bhfuil séimhiú ar an fhocal ***ball***?
(d) 'Líon na bearnaí sna habairtí thíos.

- Tabhair an litir sin do (Cathal) _____ amárach.
- Tá mé cinnte gur chuir mé mo mhála ar (bord) _____ na cistine.
- Is mór an trua nach bhfuil Máire sa (baile) _____, bhí mé ag súil go mór le casadh léi.
- Ná bain an bréagán de (Ciarán) _____ nó tosóidh sé ag caoineadh.
- Ar chuala tú faoi (Caitlín) _____? Bhí sí ar an teilifís ar na mallaibh!
- Bhí an cruinniú an-ghnóthach, bhí idir (múinteoirí) agus (tuismitheoirí) ann.

Ceist 5 *comhairle* agus *roinn*.

(a) Cuir an t-alt roimh na focail thuas.
(b) An focail bhaininscneacha nó an focail fhirinscneacha iad?
(c) Cuir Gaeilge ar 'good advice' agus 'part of speech'.
(d) Ní bhaineann na rialacha céanna nuair is teidil a bhíonn i gceist. Níl le déanamh ach éisteacht leis an mhír arís chun é seo a fheiceáil. Cuir Gaeilge ar na teidil seo anois:

Donegal County Council
The Department of the Environment
The Defence Council
The Department of Communications
The Department of Foreign Affairs

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An ndearnadh mórán damáiste de bharr tuilte i do cheantar féin an mhí seo caite?
An bhfuil aon bhaint ag téamh domhanda leis an droch-aimsir atá againn le bliain nó dhó?
An bhfuil mórán cur amach agat ar chúraí comhshaoil?
Cad iad na nithe a dhéanann tú ó lá go lá a chuidíonn leis an timpeallacht a choinneáil glan?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. The Red Cross	*Cumann na Croise Deirge*
2. in conjunction with	*i gcomhar le*
3. Department of Social Protection	*An Roinn Coimirce Sóisialaí*
4. the help is being distributed	*an cúnamh á dháileadh*
5. it is imagined	*samhlaítear*
6. the first payments	*na chéad íocaíochtaí*
7. humanitarian fund	*ciste daonnúil*
8. personal property	*maoin phearsanta*
9. insurance coverage	*clúdach árachais*
10. Dublin City Council	*Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath*
11. households should get in touch with	*Ní mór do líonta tí teagmháil a dhéanamh le*
12. local Community Welfare officer	*Oifigeach Leasa Pobail áitiúil*
13. assistance package	*pacáiste cabhrach*
14. evaluation	*measúnú*
15. The Office of Public Works	*Oifig na n-Oibreacha Poiblí*

Ceist 2

Iarr ar an rang achoimre ghairid a scríobh.

Ceist 3

Cumann na Croise Deirge (Cros Dhearg na hÉireann)

- Thosaigh siad ag tabhairt cúnaimh inniu dóibh siúd a ndearnadh damáiste dá dtithe de bharr tuilte.
- Samhlaítear Cros Dhearg na hÉireann le tubaistí i dtíortha bochta.

An Roinn Coimirce Sóisialaí

- Tá Crois Dhearg na hÉireann ag dáileadh airgid i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí.
- Tá an rialtas ag fanacht ar mheasúnú on Roinn sula gcuirfidh siad pacáiste cabhrach ar fáil.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

- Déanfar plé ar chúrsaí árachais agus ar an chúnamh cuí do na líonta tí a ndearnadh damáiste dóibh de bharr na dtuilte.

An Comhairleoir Críona Ní Dhálaigh

- Deir sí nach mbeidh sé chomh héasca sin do dhaoine cúnamh a fháil ón Chros Dhearg mar go bhfuil an Chros ag obair leis an Roinn Leasa Shóisialaigh (an Roinn Coimirce Sóisialaí) agus tá a lán coinníollacha dochta ag baint leis an phróiseas.

Oifigeach Leasa Pobail áitiúil

- Ba chóir do dhaoine ar mhaith leo cúnamh a fháil dul i dteagmháil leis na hoifigigh seo ina gceantair féin.

Ceist 4

(a) *de, do, faoi, mar, ó, roimh, trí, um*. Bíonn séimhiú ar *ar, gan, idir agus thar* i gcásanna áirithe.
(b) 'do d*h*aoine' 'ó C*h*umann' 'faoi p*h*acáiste'
(c) Ní bhíonn séimhiú tar éis 'ar' má chuireann an leagan staid nó suíomh in iúl, nó má bhíonn ionad ginearálta i gceist – ar ball, ar conradh, ar maidin, ar meisce, ar crith.
(d)

- Tabhair an litir sin do **Chathal** amárach.
- Tá mé cinnte gur chuir mé mo mhála **ar bhord** na cistine.
- Is mór an trua nach bhfuil Máire **sa bhaile**, bhí mé ag súil go mór le casadh léi.
- Ná bain an bréagán **de Chiarán** nó tosóidh sé ag caoineadh.
- Ar chuala tú **faoi Chaitlín**? Bhí sí ar an teilifís ar na mallaibh!
- Bhí an cruinniú an-ghnóthach, bhí **idir mhúinteoirí** agus **thuismitheoirí** ann.

Ceist 5

(a) an chomhairle / an roinn.
(b) Is focail bhaininscneacha iad.
(c) 'comhairle mhaith' agus 'roinn chainte'.
(d) Ní bhaineann na rialacha céanna nuair is teidil a bhíonn i gceist. Níl le déanamh ach éisteacht leis an mhír arís chun é seo a fheiceáil. Cuir Gaeilge ar na teidil seo anois:

Donegal County Council – **Comhairle Contae Dhún na nGall**
The Department of the Environment – **An Roinn Comhshaoil**
The Defence Council – **An Chomhairle Cosanta**
The Department of Communications – **An Roinn Cumarsáide**
The Department of Foreign Affairs – **An Roinn Gnóthaí Eachtracha**

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Caoimhe Ní Chonchoille
Tá fáilte romhaibh ar ais. Thosaigh Cumann na Croise Deirge ag tabhairt cúnaimh inniu do dhaoine a ndearnadh[i] damáiste dá dtithe i dtuillte na míosa seo caite. Is i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí atá an cúnamh á dháileadh. Deir Comhairleoir áitiúil amháin nár cheart gurb é an Cumann a bheadh ag cuidiú le daoine agus gur cheart don rialtas níos mó cúnaimh a chur ar fáil.

Mícheál Ó Leidhin
Samhlaítear cúnamh ó Chumann na Croise Deirge le tubaistí i dtíortha bochta ar fud an domhain. Inniu áfach, thug an Cumann na chéad íocaíochtaí as ciste daonnúil do na líontaí tí a ndearnadh[ii] damáiste dóibh de bharr thuillte[iii] na míosa seo caite i mBaile Átha Cliath. Deir an Cumann go bhfuil siad ag cabhrú le daoine a ndearnadh[iv] go leor damáiste dá dtithe agus a chaill go leor maoin phearsanta dá bharr. Meastar go bhfuil na céadta líon tí a bhfuil billí móra acu agus d'fhéadfadh clúdach árachais níos airde a bheith in ann dóibh. Déanfar plé faoin gceist ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath anocht ach deir Comhairleoir amháin nach gach duine a gheobhaidh cúnamh.

An Comhairleoir Críona Ní Dhálaigh, Sinn Féin
Cé go bhfuil an Red Cross sásta cuidiú, tá an cuidiú sin chun a bheith feidhmithe fríd an Oifig Faoisimh agus sin Oifig Faoisimh an Roinn Leasa Shóisialaigh[v] agus tá an-chuid coinníollacha i gceist leis an maoiniú sin. Daoine atá ag obair, níl a fhios agam *eh*, cé mhéad *eh* maoiniú a bheadh ar fáil acusan mar tá na coinníollacha iontach daingean agus iontach righin.

Mícheál Ó Leidhin
Ní mór do líonta tí ar mhaith leo cur isteach ar chúnamh ón gciste daonnúil teagmháil a dhéanamh lena n-oifigeach leasa pobail áitiúil chun tuilleadh sonraí a fháil. Déanfaidh an rialtas cinneadh faoi phacáiste cabhrach nuair a gheobhaidh siad measúnú ó Oifig na n-Oibreacha Poiblí agus ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Mícheál Ó Leidhin, Nuacht TG4.

[i] *deineadh* a deirtear
[ii] *deineadh* a deirtear
[iii] *tuillte* a deirtear
[iv] *deineadh* a deirtear
[v] *Shóisialta* a deirtear